



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

ARDTEISTIMÉIREACHT 2021

TREOIRLEABHAR D'IARRTHÓIRÍ 3

Treoirleabhar d'Iarrthóirí
ar Thorthaí agus ar Achomhairc

Lúnasa 2021

PRÍOMHDHÁTAÍ THORTHAÍ, BHREATHNÚ AGUS ACHOMHAIRC 2021

SEIRBHÍS	SNA SCOILEANNA	TAIRSEACH FÉINSEIRBHÍSE IARRTHÓRA
Torthaí na hArdteistiméireachta	Gheobhaidh scoileanna tuairisc achomair a gcuid torthaí ar 10am Dé hAoine, an 3 Meán Fómhair – Tairseach Scrúduithe na Scoileanna Gheobhaidh na Scoileanna tuairisc achomair tríd an bpost freisin	10am Dé hAoine, an 3 Meán Fómhair
Rochtain ar Shonraí - Gheobhaidh tú (de réir mar is cuí): a. Marcanna comhpháirteanna agus marcanna deiridh na scrúduithe scríofa b. Marcanna measta agus marcanna creidiúnaithe na nGrád Creidiúnaithe		5pm Ó Dé Máirt, an 7 Meán Fómhair
Iarratas chun Breathnú ar Scripteanna		Ar Oscailt: 5pm Dé Máirt, an 7 Meán Fómhair Ag Dúnadh: 8 pm Dé Céadaoin, an 8 Meán Fómhair
Breathnú ar Scripteanna	Scripteanna Marcáilte ar Páipéar Tabharfar seisiún amháin as na 3 sheisiún duit Dé Sathairn, an 11 Meán Fómhair Seisiún 1: 9 am – 11am Seisiún 2: 12 pm – 2 pm Seisiún 3: 3 pm – 5 pm Beidh an rogha ag scoileanna seisiún breise a bheith acu maidin Domhnaigh, an 12 Meán Fómhair	Scripteanna Marcáilte Ar Líne Rochtain Ar Líne le breathnú orthu ó 9 am Dé Sathairn, an 11 Meán Fómhair go dtí Dé Domhnaigh, an 12 Meán Fómhair – ar 12 pm (meán lae).
Iarratas ar Achomharc		Ar Oscailt: 9 am Dé Sathairn, an 11 Meán Fómhair Ag Dúnadh: 12 pm Dé Luain, an 13 Meán Fómhair
Torthaí Achomharc	Dáta Thairseach na Scoileanna le deimhniú	TFI amháin – Dáta le Deimhniú

Tá na hamlínte teann i mbliana le hiarratas a bheith déanta ag iarrthóirí i mbliana chun breathnú ar scrípteanna agus chun a hiarratais ar achomharc a chur isteach. Tá sé seo riachtanach lena chinntiú gur féidir na céimeanna den phróiseas achomhairc atá fágtha a chur i gcrích chomh luath agus is féidir. Cuirfear na hamlínte i bhfeidhm go docht. Go dtí go mbeifear ar an eolas faoi líon na n-achomharc, ní féidir tréimhse ama ar leith a ghealladh leis na torthaí achomharc a eisiúint. Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) i dteagmháil i gcónaí leis an Roinn Oideachais, An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara Ardoideachais eile maidir leis an tréimhse ama.

Clár an Ábhair

Réamhrá	3
Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra	4
Cabhair agus Tacaíocht	4
Torthaí – Ullmhú agus Eisiúint	5
Rochtain ar Shonraí – Scrúduithe agus Gráid Chreidiúnaithe	8
An Áis chun Breathnú ar Scripteanna.....	9
Achomharc	12
A.Próiseas na nAchomharc do na Scrúduithe Scríofa	13
B: Próiseas na nAchomharc do Ghráid Chreidiúnaithe	15
Ceartú a Lorg Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc	17
Céimeanna Breise maidir le Próisi na nAchomharc	18
An tOmbudsman agus an tOmbudsman do leanaí	19
Úinéireacht ar Scripteanna na Scrúduithe agus Obair Eile agus iad a Choinneáil	19
Cosaint Sonraí – Scrúduithe Agus Gráid Chreidiúnaithe	21
Aguisíní:	
Aguisín 1. Córas Grádaithe na hArdteistiméireachta.....	24

1. Réamhrá

Is é an aidhm atá ag an *Treoirleabhar seo d'Iarrthóirí ar Thorthaí agus ar Achomhairc* a chur in iúl duit faoi na socruithe atá ann maidir leis na torthaí sealadacha a eisiúint agus eolas a chur ar fáil maidir le cad a tharlóidh i ndiaidh Lá na dTorthaí, chomh maith leis an rochtain a bheidh agat ar thuilleadh mioneolais faoi do thorthaí; sonraí maidir le hiarratas a dhéanamh le breathnú agus ag breathnú ar do scrípteanna scrúdaithe (má rinne tú na scrúduithe); agus achomharc a dhéanamh ar na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe araon. Is é seo an tríú Treoirleabhar i sraith de 4 Threoirleabhar faoi phróisis scrúduithe agus Grád Creidiúnaithe na hArdteistiméireachta le haghaidh 2021. D'Iarrthóirí a rinne na scrúduithe, beidh treoirleabhar eile foilsithe Dé Luain, an 6 Meán Fómhair chun míniú níos mine a thabhairt faoin eolas a gheobhaidh tú faoi thorthaí do scrúduithe Dé Máirt, an 7 Meán Fómhair.

- Treoirleabhar d'Iarrthóirí 1 – Ullmhú do na Scrúduithe - [Ar fáil anseo](#)
- Treoirleabhar d'Iarrthóirí 2 – Treoir ghairid faoi Próiseas Bhailiúcháin Sonraí na nGrád Creidiúnaithe, faoin gCaihteánú Náisiúnta agus faoi Phróisis um Dhearbhú Cáilíochta - [Ar fáil anseo](#)
- Treoirleabhar D'Iarrthóirí 3 - Torthaí agus Achomhairc
- Treoirleabhar d'Iarrthóirí 4 - Treoir faoi do Thorthaí Scrúdaithe de réir Ábhair – Ar fáil ar an 6 Meán Fómhair

Tuilleadh eolais ar Ardteistiméireacht 2021 – Na Scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe – ar fáil freisin ar www.gov.ie/ardteistimeireacht.

Aithníonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) gur chuir paindéim COVID-19 go mór isteach ar thaithí na n-Iarrthóirí le haghaidh Ardteistiméireacht 2021. Leis na roghanna a bhí ar fáil d'Iarrthóirí maidir lena nArdteistiméireacht, aithníodh go mbeadh sé éagothrom dá mbeidís ag brath go hiomlán ar na scrúduithe mar an t-aon bhealach le measúnú a dhéanamh orthu dá gcáilíocht Ardteistiméireachta in 2021.

Tá an fhreagracht ar an CSS na scrúduithe agus córas na nGrád Creidiúnaithe a sheachadadh. Rinneadh cinneadh nach mbeadh aon nasc idir feidhmíocht na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe ag leibhéal an iarrthóra aonair ná ag leibhéal an chórais ina iomláine. D'fheidhmigh an CSS an dá phróiseas go hiomlán neamhspleách ar a chéile, agus tugadh iad le chéile díreach ar mhaithe leis an toradh is airde in ábhar áirithe a fháil do na hiarrthóirí sin a roghnaigh na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe araon.

Rinne an CSS gach iarracht a chinntiú go bhfuil gach gné d'Ardteistiméireacht 2021 ar an gcaitheán is airde, agus go gcaitear go féarálte agus go cothrom leis na hiarrthóirí. Le beachtas agus ardchaighdeán na dtorthaí a chinntiú, bhí sé riachtanach go mbeadh dóthain ama ar fáil ní hamháin i bhfeidhmiú comhuaineach na scrúduithe agus na nGrád Creidiúnaithe, atá casta astu féin araon, ach i gcomhtháthú na dtorthaí freisin. Tá sraith torthaí Ardteistiméireachta á cur ar fáil d'Iarrthóirí ina bhfuil, bunaithe ar na roghanna ar leith a rinne siad ar bhonn ábhar de réir ábhair, na torthaí scrúdaithe, Gráid Creidiúnaithe, nó na torthaí is airde den dá cheann. Ciallaíonn sé seo go bhfuil dáta eisiúna na dtorthaí beagán níos déanaí ná mar a bhíonn sé de ghnáth. I mbliana, is é Lá na dTorthaí Dé hAoine, an 3 Meán Fómhair. Ar an Máirt, an 7 Meán Fómhair, cuirfear níos mó mioneolais ar fáil duit faoi do thorthaí.

Baineann na tagairtí do 'Ardteistiméireacht' síos tríd an treoirleabhar seo le clár na hArdteistiméireachta Feidhmí; Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus an Ardteistiméireacht sheanbhunaithe, ach amháin má luaitear a mhalairt.

2. Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra

Is seirbhís é Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra na hArdteistiméireachta (TFSI) atá curtha ar fáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus ag an Roinn Oideachais d'íarrthóirí a rinneadh iontráil ina leith le haghaidh Ardteistiméireacht 2021. Is é atá i gceist leis an FSTI ná áis ilfhreastail ar a bhfuil raon seirbhísí ar líne ar fáil d'íarrthóirí. Faoin am seo tá cuntas cruthaithe agat ar an tairseach. Chun logáil isteach le rochtain a dhéanamh ar do chuid torthaí beidh do Scrúduimhir agus an pasfhocal a chruthaigh tú nuair a chláraigh tú tríd an Tairseach, ag teastáil uait.

Beidh líne chabhrach an CSS d'íarrthóirí ar fáil ag 1800 111135 nó 1800 111136 ó 9am go 5pm ón 3 Meán Fómhair go dtí an 13 Meán Fómhair. Lasmuigh de na huaireanta seo, is féidir fiosruithe a sheoladh ar ríomhphost chuig candidateportal@examinations.ie. Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcuirtear an líne chabhrach seo ar fáil le haghaidh fiosruithe a bhaineann leis an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra agus leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil tríd an tairseach.

3. Cabhair agus Tacaíocht

Beidh rochtain á déanamh agat ar do chuid torthaí ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra i mbliana. Tá tuairisc achomair á cur ar fáil do scoileanna maidir leis na torthaí agus ní bheidh cóipeanna priontáilte de na ráitis aonair de thorthaí acu le dáileadh ar scoláirí. Ach, tá iarrtha ar scoileanna tacaíocht agus cuidiú a chur ar fáil d'íarrthóirí a fhaigheann torthaí ar bhealach iomchuí ar an lá agus sna laethanta i ndiaidh eisiúint na dtorthaí. Is féidir le hiarrthóirí cuairt a shocrú chuig an scoil chun bualadh le baill den Fhoireann Tacaíochta Scoláirí, ar nós an Treoirchomhairleoir, Cinn Bhliana, Teagascóirí agus Séiplínigh. Beidh na socruithe maidir leis seo i gcomhréir le comhairle sláinte phoiblí, Plean Freagartha na scoileanna ar COVID-19 agus polasaí cuairteoirí na scoile. Téigh i dteagmháil le do scoil maidir le sonraí a cuid socruithe.

Beidh líne chabhrach Thairseach Iarrthóra an CSS ar fáil ag 1800 111135 nó 1800 111136 ó **9am go 5pm ón 3 Meán Fómhair go dtí an 13 Meán Fómhair**. Lasmuigh de na huaireanta seo, is féidir fiosruithe a sheoladh ar ríomhphost chuig candidateportal@examinations.ie. Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcuirtear an líne chabhrach seo ar fáil le haghaidh fiosruithe a bhaineann leis an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra agus leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil tríd an tairseach.

B'fhéidir go mbeidh an CSS i dteagmháil leat trí théacs, ar ríomhphost nó ar an bhfón ag baint úsáid as na sonraí teagmhála ar chláraigh tú leo ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra. Déanfar na ríomhphoist ón CSS a eisiúint ó stateexamscommission@phonovation.com nó ó sheoltaí ríomhphoist a chríochnaíonn le @examinations.ie. Eiseofar teachtaireachtaí téacs SMS ó na Scrúduithe Stáit (*State Exams*).

Tá tacaíocht agus comhairle ar fáil freisin, mar seo a leanas:

- Ar feadh seachtain amháin tar éis eisiúint na dtorthaí, eagraíonn Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iarbhunscoil) líne chabhrach an-luachmhar, a thugann comhairle agus treoir d'íarrthóirí agus do thuismitheoirí. Bíonn comhairleoirí proifisiúnta gairmthreorach ina bun. (Cuireann an Chomhairle líne chabhrach ar fáil freisin ar feadh seachtain amháin tar éis don CAO na tairiscintí a eisiúint.) Is í an Uimhir Saorfóin don dá líne chabhrach ná **1800 265 165**. Is í an

ghnáthuimhir theileafóin atá ag Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iarbhunscóil) d'fhiosruithe ginearálta ná **(01) 830 2740**.

- Beidh soláthraithe seirbhíse FSS/atá maoinithe ag an FSS ar fáil chun tacú le scoláirí trí ríomhsheirbhísí meabhairshláinte a chur ar fáil. <https://www2.hse.ie/wellbeing/mental-health/covid-19/minding-your-mental-health-during-the-coronavirus-outbreak.html>
- Tá acmhainní folláine a d'fhorbair an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ar fáil ar www.gov.ie/leavingcert
- Tá eolas atá ar fáil ón Lár-Oifig Iontrála (CAO) ar fáil ar www.cao.ie

4. Torthaí – Ullmhú agus Eisiúint

Cathain a eiseofar na torthaí?

Is é Lá na dTorthaí i mbliana Dé hAoine, an 3 Meán Fómhair agus beidh na torthaí ar fáil do scoileanna agus d'iarthóirí ar 10 am. ar an Tairseach Iarrthóra.

Is é atá i gceist le hArdteistiméireacht 2021 torthaí na scrúduithe agus na nGrád Creidiúnaithe. Déantar soláthar dó seo sa reachtaíocht atá mar bhonn faoi chóras na nGrád Creidiúnaithe, **an tAcht Oideachais (Ardteistiméireacht 2021) (Gráid Chreidiúnaithe) 2021**.

Beidh an mioneolas feidhmíochta náisiúnta a fhoilseoidh an CSS ar lá na dtorthaí bunaithe ar thorthaí na hArdteistiméireachta, 2021, agus ní dhéanfar idirdhealú idir na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe. Tá sé i gceist ag an CSS torthaí mionsonraithe a fhoilsiú i ngach ábhar sna scrúduithe agus i bpróiseas na nGrád Creidiúnaithe próiseas tar éis torthaí na n-achomharc a eisiúint nuair atá torthaí na hArdteistiméireachta tugtha chun críche.

Conas is féidir liom rochtain a dhéanamh ar mo thorthaí?

Beidh rochtain agat ar do thorthaí sealadacha de chuid na hArdteistiméireachta ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra ar **10 am, Dé hAoine, an 3 Meán Fómhair**. Is féidir leat breathnú ar do thorthaí agus beidh tú in ann ráiteas de do thorthaí sealadacha a phriontáil freisin. Is féidir leat rochtain a dhéanamh ar do thorthaí scrúdaithe tríd an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra trí logáil isteach in www.examinations.ie. Chun logáil isteach, beidh do Scrúduimhir agus an pasfhocal a chruthaigh tú nuair a chláraigh tú tríd an Tairseach, ag teastáil uait.

Cuirfidh an CSS torthaí na hArdteistiméireachta ar fáil go díreach don CAO. Leis seo, beidh an CAO in ann na hiarratais a phróiseáil le haghaidh iontrála san ardoideachas gan mhoill agus na tairiscintí ardoideachais atá ar fáil duit a eisiúint chomh luath agus is féidir.

Cad é formáid na dtorthaí?

Nuair a logálann tú isteach sa Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra (TFSI) **Dé hAoine, an 3 Meán Fómhair**, feicfidh tú do thorthaí sealadacha. Beidh tú in ann ráiteas de do thorthaí sealadacha a phriontáil nó an ráiteas seo a shábháil le priontáil* níos déanaí. Is torthaí sealadacha iad mar go bhfuil siad faoi réir achomhairc. In aon ábhar ina ndearna tú an scrúdú agus inar roghnaigh tú Grád Creidiúnaithe a fháil, sna torthaí sealadacha, beidh an ceann is airde den dá thoradh a bhain tú amach idir na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe. Ní bheidh a fhios agat nuair a eisítear iad cé acu an bhfuil an toradh a baineadh amach bunaithe ar an scrúdú nó ar an nGrád Creidiúnaithe. Is ar comhchéim atá na torthaí ón dá phróiseas. Ní dhéanfar idirdhealú idir torthaí na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe sa ráiteas sealadach de thorthaí agus sna teastais deiridh.

*Tabhair faoi deara gur cion é faoi théarmaí an Achta Oideachais 1998, aon taifead a athrú ina bhfuil torthaí Ardteistiméireachta nó úsáid a bhaint as aon taifead den sórt sin agus fios agat gur torthaí bréagacha atá sna torthaí.

Ar an Máirt, an 7 Meán Fómhair, cuirfear eolas breise ar fáil duit maidir le do thorthaí scrúdaithe agus do ghráid chreidiúnaithe. Sna scrúduithe, beidh tú in ann breathnú ar do mharcanna comhpháirteanna agus ar an marc grádaithe deiridh do gach ábhar. Sna Gráid Chreidiúnaithe, beidh tú in ann breathnú ar an marc céatadáin measta a chuir do scoil isteach do gach ábhar agus an marc creidiúnaithe agus an grád creidiúnaithe tar éis an caighdeánú a chur i bhfeidhm. I gcás ATF, feicfidh tú marc atá tugtha le chéile le haghaidh do scrúdaithe scríofa agus aon comhpháirteanna breise, agus na creidiúintí a bhaineann le do mharcanna.

Conas a dhéantar torthaí na scrúduithe scríofa a phróiseáil agus a sheiceáil?

Nuair a chríochnaíonn scrúdaitheoir leis na scrípteanna a mharcáil, cuirtear an t-eolas ar fad ar ais go dtí an CSS. Cuirtear do mharcanna iomlána do gach comhpháirt d'ábhar (béaltrial, triail chluastuisceana, obair phraiticiúil, páipéir scríofa etc.) isteach inár gcóras ríomhaireachta agus ansin cuireann oibrítheoir eile iad isteach den dara huair, le beachtas a chinntiú. Tá raon nósanna imeachta seiceála agus dearbhú cáilíochta a chuirtear i bhfeidhm ar phróiseas na dtorthaí agus ar an bpróiseas grádaithe le haghaidh na dtorthaí scrúdaithe, a dhíríonn ar ardchaighdeán na sonraí a choinneáil agus ar eolas iarrthóirí a aithint agus a thabhairt le chéile.

Conas a dhéantar Torthaí na nGrád Creidiúnaithe a phróiseáil agus a sheiceáil?

Nuair atá próiseas an chaighdeánaithe curtha i gcrích, chuir conraitheoir atá i mbun an phróisis i mbliana an Marc Creidiúnaithe deiridh do gach iarrthóir agus do gach ábhar ar ais go an CSS. Rinneadh na marcanna seo a uaslódáil go dtí bunachar sonraí na dtorthaí de chuid an CSS agus ansin rinneadh iad a ghrádú le grád a bhaint amach ag leanúint ghnáthfhormáid grád na hArdteistiméireachta. Cuireadh próisis seiceála agus dearbhú cáilíochta fairsinge i gcrích le hardchaighdeán na sonraí atá ag bogadh tríd an bpróiseas a chinntiú, chomh maith leis na córais éagsúla ina bhfuil na sonraí á mbailiú, á bpróiseáil, á stóráil agus á láimhseáil.

Conas a dhéantar na Torthaí Deiridh a phróiseáil agus a sheiceáil?

Mar atá luaite cheana féin, d'fheidhmigh an CSS an dá phróiseas go hiomlán neamhspleách ar a chéile agus tugadh iad le chéile díreach ar mhaithe leis an toradh is airde a fháil do na hiarrthóirí sin a roghnaigh na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe araon. Bhí comhtháthú na dtorthaí sula ndéantar iad a eisiúint chuig na hiarrthóirí faoi réir seiceála agus dearbhú cáilíochta fairsinge lena chinntiú go ndearnadh na torthaí a ríomh agus a eisiúint i gceart.

Cad a tharlaíonn má roghnaigh mé Gráid Chreidiúnaithe a fháil in ábhar ag leibhéal amháin agus má rinne mé na scrúduithe ag leibhéal eile?

Rinne an CSS comhionannais ghráid idir na leibhéil leis an ngrád is fearr a fháil sa chás go raibh athruithe leibhéil i gceist. Tá tábla de na gráid chomhionanna curtha ar fáil sa chuid maidir le **Córas Grádaithe na hArdteistiméireachta** sa treoirleabhar seo. Bunaíodh na comhionannais seo ar bhonn polasáí oideachais i gcomhthéacs na scéime grádaithe leasaithe agus an scála bunphointí comónta a tugadh isteach in Ardteistiméireacht 2017.

Má mheastar gur torthaí comhionanna iad do thorthaí in ábhar (scrúduithe agus Gráid Chreidiúnaithe), ansin is é an toradh a chuirfear ar fáil duit ar do ráiteas sealadach torthaí an toradh atá ag an leibhéal níos airde. In am trátha, agus sula ndéantar na teastais deiridh a eisiúint, tabharfar cuireadh duit iarratas a dhéanamh chuig an CSS, mór mian leat go dtaispeánfar an toradh ag an leibhéal níos ísle ar do theasta deiridh.

Má tá Grád Creidiúnaithe agat in ábhar ag leibhéal amháin agus toradh scrúdaithe san ábhar céanna ag leibhéal éagsúil (fiú má mheastar gur torthaí comhionanna iad na torthaí seo), ba chóir duit a thabhairt faoi deara go gcuirfidh an CSS do thoradh scrúdaithe agus do Ghrád Creidiúnaithe ar fáil don CAO. Leis seo, beidh an CAO in ann seiceálacha a dhéanamh maidir le híosriachtanais iontrála.

Sna Scrúduithe, cad é an aidhm a bhaineann le próiseas Breathnú ar Scripteanna agus próiseas na nAchomharc?

Tá an próiseas breathnú ar scripteanna scrúdaithe agus próiseas na n-achomharc ar scrúduithe ann sa chaoi is gur féidir leat a fheiceáil conas go díreach a marcáladh do chuid oibre agus sa chaoi go mbeidh deis agat achomharc a dhéanamh má shíleann tú go ndearnadh botún. Tá córas dearbhú cáilíochta an CSS sa mharcáil agus sna seiceálacha a dhéantar roimh eisiúint na dtorthaí deartha chun earráidí a aimsiú agus a cheartú ach d'fhéadfadh botúin tarlú. Nuair a chuirtear san áireamh an méid ollmhór scripteanna agus ábhar eile scrúdaithe a bhíonn ann, agus an líon mór daoine a bhfuil baint acu le marcáil agus le próiseáil na dtorthaí, bíonn leibhéal an-íseal earráide ann.

Sna Gráid Chreidiúnaithe, cad é an aidhm a bhaineann le próiseas na nAchomharc?

Tá próiseas na n-achomharc sna Gráid Chreidiúnaithe teoranta lena fháil amach ar tharla earráid i dtaca le marcanna measta a bheith aistrithe chuig an CSS, nó a bheith faighte ag an CSS. Ní féidir leat achomharc a dhéanamh i gcoinne marc measta a chuir do scoil ar fáil ná ní féidir leat achomharc a dhéanamh ar éifeacht an phróisis chaighdeánaithe ar an marc measta sin. Meastar go bhfuil an fhéidearthacht go mbeidh botún san eolas a chuir do scoil ar fáil ar do shon fíoríseal. Mar shampla, i gcóras 2020 na nGrád Ríofa, bhí níos lú ná 100 athrú de mharcanna ann as 33,000 achomharc as sraith iomlán de 410,000 toradh. Táscaire úsáideach eile maidir le caighdeán na sonraí a chuireann na scoileanna ar fáil dúinn ná gur chuir an CSS seiceáil iomlán um dhearbú cáilíochta i mbliana i gcrích faoi na cáipéisí ar fad a chuir 30 scoil áirithe a bhí roghnaithe agus ní bhfuarthas aon earráidí sna cáipéisí tríd an bpróiseas seo.

I mbliana, tá an Fhondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais (NFER) atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe ar conradh le dearbhú cáilíochta cuimsitheach a chur ar fáil do chóras na nGrád Creidiúnaithe agus tá sí ag tabhairt faoi sheiceálacha maidir le códú na samhla staitistiúla chomh maith le fíorúchán na sonraí agus ardchaighdeán phróisis phróiseáil na sonraí agus an chaighdeánaithe.

Tá socruithe réasúnta agam le haghaidh m'Ardeistiméireachta, an gcuirfean nóta le mo thorthaí?

Le roinnt socruithe a chuirtear ar fáil faoin Scéim um Shocruithe Réasúnta ag na scrúduithe teistiméireachta, bíonn tarscaoileadh nó díolúine i gceist ón measúnú ar phríomh-chomhpháirt den scrúdú. De ghnáth, ag eascairt as seo, bíonn nóta mínithe (anótáil) i gceist, ina léirítear nádúr an choigeartaithe, ar ráitis shealadacha na dtorthaí agus ar na teastais scrúdaithe deiridh.

Ach, rinneadh cinneadh gan aon nótaí mínithe a chur leis na torthaí d'Ardeistiméireacht 2021, is cuma má tá an toradh bunaithe ar thoradh scrúdaithe nó ar Ghrád Creidiúnaithe iad, nuair a eisíodh na torthaí sealadacha nó ar na teastais scrúdaithe deiridh. Rinneadh é seo mar gheall ar na cúinsí nár tharla riamh cheana le COVID-19 agus mar gheall ar an nádúr eisceachtúil de na socruithe a bhí i bhfeidhm i mbliana.

Is beart eisceachtúil é seo nach gcuireann isteach ar an ngnáthpholasaí scrúduithe maidir le nótaí mínithe a chur leis na torthaí scrúdaithe.

5. Rochtain ar Shonraí – Scrúduithe agus Gráid Chreidiúnaithe

Cad a tharlaíonn nuair a eisítear na torthaí sealadacha ar an 3 Meán Fómhair?

Ó 5pm **Dé Máirt, an 7 Meán Fómhair** déanfar eolas faoi na torthaí sa Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra a thabhairt suas chun dáta leis an eolas seo a leanas a thaispeáint do gach ábhar:

- Do na Scrúduithe Scríofa –
 - Marcanna na gcomhphárteanna
 - Marcanna iomlána
 - Grád an Scrúdaithe
- Do na Gráid Chreidiúnaithe –
 - Marc measta na scoile*
 - Marc creidiúnaithe
 - Grád creidiúnaithe

* Fiú tar éis na torthaí a eisiúint, níl cead agat do mharcanna measta a phlé le do mhúinteoirí ná leis an bpríomhoide ná leis an leas-phríomhoide, ná le haon bhall eile d'údarás na scoile. Féach an chuid níos déanaí maidir le rialacha faoi Achomhairc na nGrád Creidiúnaithe.

An raibh aon athruithe ar mharcáil na scrúduithe i mbliana nach mór dom bheith ar an eolas fúthu?

In 2021, ceann amháin de na bearta a tugadh isteach chun tabhairt faoin gcaillteanas foghlama de bharr COVID-19 ná na coigeartuithe a rinneadh ar chomhphárteanna na scrúduithe. Leis na coigeartuithe ar na páipéir scrúdaithe, bhí gá le athruithe suntasacha a dhéanamh ar an gcaoi ar thug an CSS faoi ghrádú na scrúduithe le haghaidh 2021. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil aon athruithe déanta ar na gráid, ach b'fhéidir go mbeidh sé níos casta ná mar a bheadh sé i ngnáthbhliain tuiscint a fháil ar mharcanna comhphárteanna do scrúdaithe agus ag breathnú ar do scríonna scrúdaithe dá bharr. Chun cuidiú le do thorthaí scrúdaithe a thuiscint cuirfear ***Treoirleabhar d'Iarrthóirí 4 – Treoir faoi do Thorthaí Scrúdaithe de réir Ábhair*** ar fáil Dé Luain, an 6 Meán Fómhair. Beidh cuid ar leith ann a chuirfidh eolas ar fáil maidir leis an Ardeistiméireacht Fheidhmeach ós rus é go bhfuil na socrúithe éagsúil de bharr nádúr modúlach an chláir seo.

Ina lán ábhar ina bhfuil comhpháirt scrúdaithe ghaolmhar (béaltrial, tionscadal, obair chúrsa, etc.) chuir cuid mhór iarrthóirí na comhphárteanna seo i gcrích ach ní dhearna siad na scrúduithe scríofa ag an deireadh. Shaothraigh an CSS grád d'aon chomhpháirt a rinneadh a ualú ag 30% nó níos mó de na marcanna ar an iomlán don ábhar lena chinntiú go raibh gach deis ag na hiarrthóirí go gcuirfí an toradh is fearr atá ar fáil curtha ar fáil dóibh ó cheachtar próiseas. D'fhéadfadh sé gurbh fhiú suas go dtí 60% d'obair chúrsa den mharc iomlán ag brath ar an ábhar.

Cén próiseas achomharc a mbeidh rochtain agam air?

Tá dhá phróiseas achomharc ar leith ann - ceann amháin le haghaidh na scrúduithe agus ceann amháin le haghaidh na ngrád creidiúnaithe.

Má rinne tú an scrúdú agus má roghnaigh tú Grád Creidiúnaithe in ábhar, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an dá cheann de na próisis achomharc seo is cuma cé acu próiseas a shaothraigh do thorthaí sealadacha. I bhfianaise gur dhá phróiseas ar leith atá sna scrúduithe agus sna gráid chreidiúnaithe, ní mór duit iarratas

ar leith a dhéanamh ar achomharc go gach próiseas ar bhonn ábhar de réir ábhair. Is féidir leat roghnú a dhéanamh gan achomharc a dhéanamh ar ghrád ar bith, nó achomharc a dhéanamh ar ghrád amháin nó ar an dá ghrád.

Má shuigh tú an scrúdú amháin in ábhar, beidh rochtain agat ar phróiseas achomharc na scrúduithe. Má roghnaigh tú le haghaidh Gráid Chreidiúnaithe amháin in ábhar, beidh rochtain agat ar phróiseas achomharc na nGrád Creidiúnaithe.

Déanfar gach iarracht na hachomhairc a phróiseáil chomh luath agus is féidir ach ní féidir dáta a ghealladh ag an bpointe seo maidir le torthaí na n-achomharc a eisiúint. Cuirfear in iúl do scoláirí faoin dáta seo chomh luath agus is féidir.

Tá tuilleadh eolais faoin dá achomharc seo i gCuid 7.

6. An Áis Chun Breathnú ar Scripteanna

Déanann an CSS é a éascú d'iarrthóirí na hArdteistiméireachta rochtain a dhéanamh ar scrípteanna na scrúduithe tríd an áis Chun Breathnú ar Scripteanna a bhíonn ar siúl i scoileanna gach bliain tar éis eisiúint thorthaí na hArdteistiméireachta. Le tamall anuas, cuireadh seirbhís breathnóireachta ar líne ar fáil freisin d'iarrthóirí i gcás na n-ábhar a marcáladh ar líne. Leis an áis seo, atá ar fáil d'iarrthóirí na hArdteistiméireachta le fiche bliain anuas, tá iarrthóirí in ann breathnú ar a scrípteanna agus féachaint conas a cuireadh scéim na marcála i bhfeidhm ina gcuid oibre. Mar thoradh air seo, tá siad in ann cinneadh eolach a dhéanamh cé acu an ndéanfaidh siad a dtoradh/a dtorthaí a achomharc nó nach ndéanfaidh siad roimh dháta deiridh na n-achomharc. Leis an tseirbhís chun Breathnú ar Scripteanna tá iarrthóirí in ann breathnú ar a script agus más mian leo, cóipeanna a dhéanamh dá scrípteanna le linn na seisiún chun breathnú ar scrípteanna ag baint úsáid as a ngléas digiteach féin. Is cuid lárnach de achomhairc agus dearbhú cáilíochta na scrúduithe é Breathnú ar Scripteanna. Molaimid go mór duit an deis seo a thapú agus breathnú ar do script sula ndéanann tú iarratas ar achomharc. Má bhreathnaíonn tú ar na scrípteanna, tugann sé deis duit freisin ráitis a dhéanamh le cur faoi bhráid an scrúdaitheora achomharc.

Cuirfidh an CSS dhá sheirbhís chun Breathnú ar Scripteanna i mbliana:

- 1) go pearsanta sna scoileanna le haghaidh ábhar a marcáladh ar páipéar
- 2) ar líne le haghaidh ábhar a marcáladh ar líne.

Cé go bhfuil ceart dlíthiúil agat cóip de do scrípteanna scrúdaithe a fháil faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí, tá dualgas ar an CSS freisin torthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na hachomhairc a phróiseáil agus a eisiúint faoi na spriocdhátaí a bhfuiltear ag súil leo. Dá bhrí sin, tá tús áite tugtha chun Breathnú ar na Scripteanna. Is é seo an rochtain is luaithe a bheidh agat le rochtain a dhéanamh ar do scrípteanna. Ní chuireann sé seo isteach ar do chearta reachtúla. Tá tuilleadh sonraí faoi do chearta le rochtain a dhéanamh ar shonraí curtha ar fáil níos déanaí sa treoirleabhar seo.

Beidh an *Treoirleabhar d'Iarrthóirí 4 - Treoir faoi do Thorthaí Scrúdaithe de réir Ábhair* mar chuidiú duit freisin má roghnaíonn tú breathnú ar do scrípteanna. Tá an CSS tiomanta lena chinntiú go dtuigeann tú go soiléir conas a bronnadh na gráid agus cén fáth ar bronnadh gráid ar leith. Déileálfar le gach ábhar ar bhonn aonair. Sa Treoirleabhar, soiléireofar na sonraí maidir le marcáil scrúduithe 2021, tabharfar breac-chuntas ar conas a saothraíodh na gráid agus tabharfar míniú ar conas a thaispeántar marcanna agus gráid ar na scrípteanna scrúdaithe agus conas a dhéanfar iad a thaispeáint ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra (TFSI). Tá cuid ar leith ina gcuirtear eolas ar fáil faoin Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Beidh an *Treoir faoi do Thorthaí Scrúdaithe de réir Ábhair* ar fáil Dé Luain, an 6 Meán Fómhair.

Conas a dhéanaim iarratas chun breathnú ar scrípteanna scrúdaithe?

Ní mór iarratais chun breathnú ar scrípteanna a dhéanamh tríd an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra idir **5pm Dé Máirt, an 7 Meán Fómhair agus 8pm Dé Céadaoin, an 8 Meán Fómhair.**

Tá tréimhse am an-teann ann le hiarratas a dhéanamh chun breathnú ar scrípteanna. Cuirfear an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh i bhfeidhm go docht agus ní féidir glacadh le hiarratais dhéanacha. Tá sé seo riachtanach le bheith in ann a chinntiú gur féidir na céimeanna eile de phróiseas na n-achomharc a chur i gcrích chomh luath agus is féidir.

Beidh na scéimeanna marcála ar fáil ar www.examinations.ie ó **12pm (meán lae), Dé Céadaoin, an 8 Meán Fómhair**

Conas a bhreathnaím ar scrípteanna scrúdaithe a marcáladh ar páipéar?

Nuair atá iarratas déanta agat ar an Tairseach chun breathnú ar do scrípteanna scrúdaithe, cuirfidh an CSS sonraí faoi d'iarratas ar fáil don Fheitheoir Eagrúcháin a cheap an CSS don scoil ag a ndearna tú do scrúduithe scríofa. An ról atá acu ná an Breathnú ar Scrípteanna Scrúdaithe a eagrú sa scoil. Rachaidh siad i dteagmháil leat roimh an tréimhse breathnóireachta ar ríomhphost agus tabharfaidh siad ceann amháin de na trí sheisiún breathnóireachta duit mar atá leagtha amach thíos. Tá d'uimhir theileafóin curtha ar fáil dóibh freisin, a d'fhéadfaidís a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leat.

Seisiún Bhreathnóireachta – Dé Sathairn, an 11 Meán Fómhair

Seisiún 1:	9 am – 11am
Seisiún 2:	12 pm – 2 pm
Seisiún 3:	3 pm – 5 pm

Tá solúbthacht tugtha do scoileanna le seisiún a eagrú maidin Domhnaigh, an 12 Meán Fómhair. Is faoi rogha na scoile seisiún breathnóireachta a réachtáil ar an Domhnach.

Déan nóta, le do thoil, de na dátaí agus na hamanna seo atá leagtha amach thuas, mar ní féidir breathnú ar scrípteanna a eagrú dáta nó am ar bith eile. Mura bhfaigheann tú ríomhphost a dheimhníonn coinne breathnóireachta sula dtosaíonn na seisiúin breathnóireachta, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an bhFeitheoir Eagrúcháin sa scoil ina ndearna tú do scrúduithe scríofa.

An bhfuil aon rialacha i bhfeidhm maidir le Breathnú ar Scrípteanna sa Scoil?

Tá – tá an méid seo a leanas san áireamh iontu:

- Má dhéanann tú cinneadh breathnú ar do scrípteanna ní mór duit bheith ar fáil ar na dátaí le Breathnú ar Scrípteanna agus ní mór duit bheith ullamh le freastal tú féin ar an ionad breathnóireachta. B'fhéidir gur mhaith leat nóta a ghlacadh den riachtanas seo agus socruithe le haghaidh laethanta saoire á ndéanamh agat.
- Ní scaoilfear do scrípteanna chuig duine ar bith eile, fiú amháin le do chead. Is féidir le duine amháin eile bheith in éineacht leat nuair atá tú ag breathnú ar script.
- Ní bheidh ach ábhar a cuireadh isteach i scríbhinn; scrípteanna scríofa, dialanna obair chúrsa, etc. ar fáil agus tú ag Breathnú ar Scrípteanna.
- Ní ceadmhach aon uirlisí scríbhneoireachta san ionad breathnóireachta.
- Tá cead agat fón póca, táibléad nó ceamara digiteach a thabhairt isteach le do script(eanna) féin a chóipeáil.
- Níl cead agat cóipeanna a dhéanamh de scrípteanna duine ar bith eile, fiú amháin lena c(h)ead.
- Níl cead agat gléas digiteach a úsáid le haghaidh rud ar bith eile seachas an script a chóipeáil.
- Ar chúiseanna lena chinntiú go ndéantar na seisiúin chun Breathnú ar Scrípteanna a réachtáil go héifeachtach agus in am, ní féidir leat nótaí a ghlacadh maidir le hábhar do scrípte ag baint úsáide as do ghléas digiteach agus tú san ionad breathnóireachta.
- Ar chúiseanna slándála, déantar macasamhail de shampla de scrípteanna sula ndéantar na bunscrípteanna a sheoladh chun breathnú orthu. Coimeádann an CSS na cóipeanna agus déanfar iad

a sheiceáil i gcoinne na scrípteanna a chuirfead ar ais tar éis breathnú orthu. Tá an cleachtas seo riachtanach chun ardchaighdeán na scrúduithe a chosaint.

- Is sárú ar rialacháin na scrúduithe é má bhaintear do na scrípteanna nó má dhéantar iarracht baint dóibh san ionad breathnóireachta.

An mbeidh mé in ann cóip a dhéanamh de mo scrípteanna ag an mBreathnú ar scrípteanna sa scoil?

Ag an seisiún chun Breathnú ar Scrípteanna a thugtar duit, beidh tú in ann cóip a dhéanamh de do script(eanna), ag baint úsáid as d'fhón póca, táibléad nó ceamara digiteach le híomhánna de do script(eanna) a thaifeadadh. Tá an áis seo á cur ar fáil ar mhaithe leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus ní chuireann sé sin isteach ar do chearta dlíthiúla.

An gcuirfidh an scoil seirbhísí cóipeála ar fáil dom?

Ní chuirfidh. Ní bheidh cead ach amháin ag iarrthóirí a úsáideann a ngléasanna digiteacha féin (fón póca, táibléad, ceamara) cóip a dhéanamh dá scrípteanna féin. Tabharfar treoir do scoileanna nach mbeidh siad in ann aon fhótachóipeanna ná scanadh de scrípteanna a dhéanamh ná nach mbeifí in ann iad a dhéanamh sa scoil ag baint úsáid as áiseanna na scoile. Tá dhá chúis leis seo: ar an gcéad dul síos, ar chúiseanna praiticiúla ós rud é gur tréimhse ama an-ghearr atá i gceist leis an bpróiseas chun breathnú ar scrípteanna, agus ar an dara dul síos, ó thaobh imní go gcaillfí scrípteanna nó go ndéanfaí damáiste dóibh le linn phróiseas na cóipeála/an scanta. Is é seo an chúis nach mbeidh ach tusa amháin in ann do chóipeanna féin a dhéanamh ag baint úsáid as do ghléas digiteach féin san ionad breathnóireachta.

Cad is féidir liom a dhéanamh má cheapaim, tar éis breathnú ar mo script, go raibh earráid sa mharcáil nó sa ghrád a tugadh dom?

Braitheann sé. Is iad an dá rogha ná:

- a) déan iarratas go ndéanfar athbheithniú ar mharcáil do scrípte tríd an bpróiseas achomharc – féach an chuid 7 maidir le *Próiseas na nAchomharc* sa leabhrán seo
- b) lorg ceartú lasmuigh de phróiseas na nAchomharc – féach an chuid 8 maidir le *Ceartú a Lorg Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc* sa leabhrán seo.

Conas a bhreathnaím ar Scrípteanna a marcáladh ar líne?

Beidh rochtain ar líne ar scrípteanna a marcáladh ar líne ar fáil ó 9am Dé Sathairn, an 11 Meán Fómhair go dtí 12 pm (meán lae) Dé Domhnaigh, an 12 Meán Fómhair. Beidh na scrípteanna scrúdaithe a ndearna tú iarratas breathnú orthu ar fáil i rith an ama seo ar fad ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra. Beidh tú in ann do scrípteanna a íoslódáil nó a phriontáil.

Marcáladh na hábhair seo a leanas ar líne:

ARDTEISTIMÉIREACHT	
Ábhar	Leibhéal
Béarla	Ardleibhéal amháin
Matamaitic	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Stair	Ardleibhéal amháin
Tíreolaíocht	Ardleibhéal amháin
Fraincis	Ardleibhéal amháin
Fisic	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Ceimic	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Bitheolaíocht	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Eacnamaíocht Bhaile (páipéar scríofa amháin)	Ardleibhéal amháin
GCAT (páipéar scríofa amháin)	Comhleibhéal

Cad a fheicfidh mé nuair a bhreathnaím ar script a marcáladh ar líne?

Feicfidh tú íomhá dhigiteach de do script ina mbeidh tuairisc maidir leis na marcanna a tugadh do gach ceist (nó do chuid de, fo-chuid de, etc.) de réir na scéime marcála. Sa script í féin feicfidh tú aon nodaireachtaí (crosa, ticeanna, folínte, etc.) a d'úsáid an scrúdaitheoir agus é/í ag marcáil do chuid oibre. Míneofar na nodaireachtaí a úsáideadh sna scéimeanna marcála do na hábhair ar leith a fhoilseofar roimh an mbreathnú. Sa mharcáil ar líne déantar soláthar freisin do mhonatóireacht a dhéanamh ar obair an scrúdaitheora sa bhealach céanna agus a dhéantar é sa mharcáil bunaithe ar pháipéar. Cé nach bhfeicfidh tú ach seit amháin deiridh de na marcanna beidh a fhios agat go ndearnadh monatóireacht ar do script mar beidh na nodaireachtaí i ndath glas agus beidh nodaireacht scrúdaitheora i ndath dearg. Ní dhéanfar na scéimeanna marcála d'ábhair a marcáladh ar líne a fhoilsiú ach amháin ar líne agus beidh siad ar fáil chun breathnú orthu.

7. Achomhairc

1. Eolas Ginearálta

Conas a dhéanaim iarratas chun achomharc a dhéanamh ar thoradh sealadach m'Ardeistiméireachta?

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar achomharc tríd an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra.

Ó: **9 am Dé Sathairn, an 11 Meán Fómhair 2021**

Go dtí: **12 pm (meán lae) Dé Luain 13 Meán Fómhair 2021.**

Ionas gur féidir leis an CSS na hachomhairc a phróiseáil chomh luath agus is féidir, cuirfear an spriocdháta le hiarratais a dhéanamh ar achomhairc i bhfeidhm go docht. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.

Má rinne tú na scrúdú agus má roghnaigh tú Grád Creidiúnaithe in ábhar, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an dá cheann de na próisis achomharc seo is cuma cé acu próiseas a shaothraigh do thorthaí sealadacha. I bhfianaise gur dhá phróiseas ar leith atá sna scrúduithe agus sna gráid chreidiúnaithe, ní mór duit iarratas ar leith a dhéanamh ar achomharc go gach próiseas ar bhonn ábhar de réir ábhair. Is féidir leat roghnú a dhéanamh gan achomharc a dhéanamh ar ghrád ar bith, nó achomharc a dhéanamh ar ghrád amháin nó ar an dá ghrád.

Má shuigh tú an scrúdú amháin in ábhar, beidh rochtain agat ar phróiseas achomharc na scrúduithe. Má roghnaigh tú le haghaidh Gráid Chreidiúnaithe amháin in ábhar, beidh rochtain agat ar phróiseas achomharc na nGrád Creidiúnaithe.

Déanfar gach iarracht na hachomhairc a phróiseáil chomh luath agus is féidir ach ní féidir dáta a ghealladh ag an bpointe seo maidir le torthaí na n-achomharc a eisiúint. Cuirfear in iúl do scoláirí faoin dáta seo chomh luath agus is féidir.

Má dhéanann tú cinneadh achomharc a dhéanamh, is léir go bhfuil d'achomharc tábhachtach duit. Is tú féin amháin a bhfuil smacht agat air, agus is tú féin atá freagrach as achomharc bailí a dhéanamh laistigh den tréimhse ama shocraithe.

Cad é an táille achomhairc?

Níl aon táille achomhairc do phróiseas na n-achomharc, 2021, le haghaidh na scrúduithe scríofa ná na nGrád Creidiúnaithe araon.

Cathain a gheobhaidh mé torthaí m'achomhairc?

Déanfar gach iarracht na hachomhairc a phróiseáil chomh tapa agus is féidir agus beidh torthaí na n-achomharc curtha ar fáil tríd an Tairseach Iarrthóra in am trátha. Go dtí go mbeifear ar an eolas faoi líon na n-achomharc, ní féidir tréimhse ama ar leith a ghealladh le torthaí na n-achomharc a eisiúint. Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) i dteagmháil i gcónaí leis an Roinn Oideachais, An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara Ardoideachais eile maidir leis an tréimhse ama.

Cuireann an CSS in iúl don CAO go huathoibríoch maidir leis na hathruithe ar fad ar na torthaí.

2. Próiseas na nAchomharc do na Scrúduithe Scríofa

An gá dom breathnú ar mo scrípteanna más mian liom achomharc a dhéanamh?

Ní gá. Ach, molann an CSS gur chóir d'aon iarrthóir atá ag breathnú ar achomharc a dhéanamh breathnú ar a script(eanna) le bheith in ann cinneadh eolach a dhéanamh. Má bhreathnaíonn tú ar do script, beidh an deis agat féachaint conas a cuireadh an scéim mharcála fhoilsithe i bhfeidhm ar do script.

An mbeidh mé in ann saincheisteanna ar leith a ardú le go ndéanfaidh an scrúdaitheoir achomhairc iad a chur san áireamh le linn na tréimhse marcála achomhairc?

Ní bheidh, ach amháin má roghnaíonn tú breathnú ar do script. Ní bheidh cead an deis le saincheisteanna ar leith a ardú leis na scrúdaitheoirí achomhairc ach amháin ag iarrthóirí a breathnaíonn ar a script sa scoil nó ar líne. Agus achomharc á dhéanamh, ní gá aon saincheisteanna ar leith a ardú – is fút féin ar fad atá sé.

I scoileanna

Ag an seisiún chun Breathnú ar Scrípteanna i scoileanna tabharfar foirm *Tuairisc Breathnóireachta an Iarrthóra* (Foirm AP1) d'iarrthóirí inar féidir taifeadadh a dhéanamh ar ábhar ar bith ar mhaith leo aird na scrúdaitheoirí CSS a tharraingt orthu. Ba chóir foirm amháin a chomhlánú do gach script scrúdaithe atá mar ábhar achomhairc. Níl cead an fhoirm a chomhlánú taobh istigh den ionad breathnóireachta. (Ní ceadmhach aon uirlisí scríbhneoireachta a thabhairt isteach go dtí an t-ionad Breathnóireachta agus ní ceadmhach an fón póca/táibléad a úsáid le nótaí a chlósáil faoi ábhar na scrípte agus tú san ionad breathnóireachta). Ní mór an fhoirm/na foirmeacha *Tuairisc Breathnóireachta an Iarrthóra* atá comhlánaithe a thabhairt don Fheitheoir Eagrúcháin ionas gur féidir leo an fhoirm a cheangal leis an script chúí. Ní mór do na Feitheoirí Eagrúcháin an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais go dtí an CSS. Ní ghlacfaidh an CSS le foirmeacha *Tuairisc Breathnóireachta an Iarrthóra* díreach ó na hiarrthóirí. **TABHAIR FAOI DEARA:** Má dhéanann tú *Tuairisc Breathnóireachta an Iarrthóra* a chomhlánú ag an mbreathnú, ciallaíonn sé sin go bhfuil sé *i gceist agat* acmharc a dhéanamh ach ní léiríonn sé go bhfuil achomharc á chur isteach agat – ní mór duit achomharc a chur isteach ar an Tairseach Iarrthóra. Má shocraíonn tú gan leanúint ar aghaidh agus iarratas ar achomharc a dhéanamh tríd an Tairseach Iarrthóra, ansin ní dhéanfar an t-achomharc a phróiseáil agus ní chuirfear na ráitis a ardaíodh san áireamh ach an oiread.

Ábhair a Marcáladh Ar Líne

Má dhéanann tú cinneadh achomharc a dhéanamh ar aon cheann de na hábhair a marcáladh ar líne, beidh an deis agat mar chuid den iarratas ar achomharc a dhéanamh le foirm *Breathnóireachta an Iarrthóra* (AP1) a líonadh isteach. Tabharfar an deis duit foirm ar leith a líonadh isteach do gach script scrúdaithe atá mar ábhar achomhairc seachas an Mhatamaitic* atá mar ábhar an achomhairc. Déanfaidh an CSS na ráitis a dhéanann tú a thaifeadadh ar an bhFoirm um *Thuairisc Breathnóireachta an Iarrthóra* ar líne a cheangal le do script achomhairc.

*I gcás na Matamaitice Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil, beidh an deis agat foirm ar leith a chomhlánú do **gach páipéar** (i.e. do pháipéar 1 agus do pháipéar 2). Ach, ba chóir go mbainfeadh na ráitis a chuireann tú isteach leis an bpáipéar atá i gceist mar beidh gach páipéar á mharcáil ag scrúdaitheoirí éagsúla.

Cad a Tharlaíonn le linn Phróiseas na nAchomharc do na Scrúduithe Scríofa?

Seoltar do script chuig scrúdaitheoir achomhairc. Ní hé an scrúdaitheoir a mharcáil do chuid oibre i dtosach a dhéanfaidh í a mharcáil an t-am seo. Déanfaidh an scrúdaitheoir achomhairc athbhreithniú ar an marcáil ar gach cuid de gach ceist, fiú mura bhfuil aon bharúlacha tugtha agat fúithi. Cuirfidh an scrúdaitheoir achomhairc san áireamh an bhfuil an marc a bhronn an scrúdaitheoir a bhí ann ar dtús ceart agus réasúnta i gcomhréir leis an scéim mharcála. Más rud é go bhfuil, bronnfaidh an scrúdaitheoir achomhairc an marc céanna arís. Más rud é nach bhfuil, bronnfaidh an scrúdaitheoir achomhairc an marc a mheasann sé/sí atá mar an marc ceart.

Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bhfoireann chomhairleach achomharc agus ar phróiseas na n-achomharc.

Déanfar scrípteanna a marcáladh ar líne ar dtús a mharcáil ar an achomharc ag baint úsáid as an gcóras marcála ar líne.

An ndéantar gach rud a athmharcáil le linn próiseas na n-achomharc?

Seachas an triail feidhmíochta phraiticiúil sa Cheol, tugtar athchuid ar an obair phraiticiúil agus béaltrialacha uile mar chuid de phróiseas an achomhairc.

In 2021, mar chuid den phróiseas scrúdaithe, d'éagraigh na scoileanna na béaltrialacha i nGaeilge agus sna nuatheangacha iasachta idir an 26 Márta agus an 15 Aibreán. Cé go dtugann scrúdaitheoir seachtrach atá ceaptha ag an CSS faoi na hagallaimh béaltrialacha teanga leis na hiarrthóirí agus go ndéanann sé/sí measúnú orthu i ngnáthbhliain, i mbliain is dhá ról ar leith atá i gceist. Is é múinteoir a bhí ceaptha ag an scoil a rinne na hagallaimh agus rinneadh iad a thaifeadadh ó thaobh fuaime de. Níor bhronn an múinteoir na marcanna. Cuireadh na taifeadtaí ar aghaidh go dtí an CSS agus ansin, bhronn scrúdaitheoirí a bhí ceaptha ag an CSS na marcanna bunaithe ar na taifeadtaí seo.

Mar chuid de phróiseas an achomhairc déanfar taifeadadh na béaltrialach a mharcáil arís. Ní rachaidh scóip an achomhairc thar an marcáil a rinne an scrúdaitheoir CSS a bhí ann ar dtús maidir le hinniúlacht na teanga a léirigh an t-iarrthóir ar an taifeadadh. Ní chuirfeadh próiseas an achomhairc aon ghnéithe de sheachadadh agus réachtáil agallamh na béaltrialach ná den taifeadadh a rinneadh sa scoil.

An mbíonn an scéim mharcála chéanna in úsáid le linn na n-achomharc?

Bíonn. Is den rithábhacht é ar mhaithe le comhionannas agus cothroime go ndéanfar an athmharcáil san achomharc de réir na scéime marcála don ábhar sin. Cinntíonn sé sin go gcuirfidh na scrúdaitheoirí achomhairc na caighdeáin chéanna i bhfeidhm san athmharcáil san achomharc agus a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile an chéad uair a marcáladh an scrúdú. Beidh na scéimeanna marcála foilsithe ar www.examinations.ie ar 12 meán lae, Dé Céadaoin, an 8 Meán Fómhair.

Má tá mé díreach cúpla marc gann ar an gcéad ghrád eile an dócha go mbronnfar orm iad ar achomharc?

Níor ghá go mbronnfaí. Tá próiseas na n-achomharc ann lena chinntiú gur cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm go leanúnach agus go cothrom ar do chuid oibre. Ní bhíonn scrúdaitheoirí achomhairc ag cuardach marcanna breise chun “iarrthóir a thabhairt suas go dtí an chéad ghrád eile”. Le bheith cóir leis na hiarrthóirí eile ar fad a rinne an scrúdú, ní féidir leis na scrúdaitheoirí ach na marcanna sin atá dlite duit de réir na scéime marcála a bhronnadh. Go deimhin, d’fhéadfadh scrúdaitheoir achomhairc marcanna a chur leis na marcanna a fuair tú cheana nó marcanna a bhaint díobh de réir mar a chuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm as an nua, ceist ar cheist, ar do chuid oibre.

An féidir toradh a íosghrádú ar achomharc?

Is féidir. Is torthaí sealadacha iad na torthaí a fhoilsítear i mí Mheán Fómhair agus dá réir sin is féidir toradh a íosghrádú i gcásanna áirithe. Tarlaíonn sé sin mar gheall ar phróiseas na n-achomharc a bheith ann lena chinntiú gur cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm go hiomlán agus go cuí ar an obair a rinneadh sa scrúdú. Cinntíonn feidhmiú seasta cothrom na scéimeanna marcála go gcaitear go cothrom leis na hiarrthóirí ar fad.

Cad iad na cásanna ina dtarlódh íosghrádú?

D’fhéadfadh sé go dtarlódh íosghrádú go huathoibríoch má chailleann iarrthóir dóthain marcanna ar aon cheann de na cúiseanna fíorasacha/teicniúla seo a leanas:-

- a) earráid shoiléir a bheith i suimiú na marcanna, marcanna a bheith san áireamh nár cheart a bheith, (e.g. má tugadh creidiúint d’iarrthóir as ceist nó as cuid de cheist ba chóir a dhícheadú), agus/nó,
- b) má bronnadh marcanna ar iarrthóir as freagra ar léir go cinnte agus go soiléir nach bhfuil sé de réir na scéime marcála.

Chomh maith leis sin, is féidir le Príomhscrúdaitheoir íosghrádú a mholadh sa chás go dtarlaíonn laghdú sna marcanna as earráid bhreithiúnais a rinne scrúdaitheoir (nach ionann agus na pointí atá luaite ag (a) agus (b) thuas). Ní gnách go dtarlódh íosghrádú i gcás den sórt sin nuair nach mbeadh ann ach difríocht an-bheag. I bhfocail eile, ní áirítear marc athbhreithnithe níos ísle ach amháin má mheasann an Príomhscrúdaitheoir nach raibh an bunmharc ag teacht leis na critéir atá leagtha síos sa scéim mharcála agus leis an gcaighdeán a cuireadh i bhfeidhm sa mharcáil a rinneadh ar dtús.

An dócha go ndéanfar íosghrádú go minic?

Táthar ag súil leis gur líon réasúnta beag grád a ísleofar. Tarlóidh sé seo mar beidh deis ag iarrthóirí breathnú ar a gcuid scrípteanna agus táthar ag súil leis nach ndéanfaidh daoine achomharc mura gcreideann siad go bhfuil cúis réasúnta leis. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, breathnú go cúramach ar do script mharcáilte sula ndéanann tú cinneadh ar cé acu an ndéanfaidh tú achomharc nó nach ndéanfaidh.

3. Próiseas na nAchomharc do Ghrád Chreidiúnaithe

Is athbhreithniú ar an bpróiseas atá i gceist le próiseas achomharc na nGrád Creidiúnaithe a dhíríonn ar earráidí a aimsiú nuair aistríodh agus nuair a fuarthas sonraí na scoláirí. Níl breithiúnas gairmiúil na scoile i marcanna measta a chur ar fáil agus próiseas an chaighdeánaithe san áireamh i scóip an achomhairc. Ní féidir achomharc a dhéanamh maidir leis na gnéithe seo de na Gráid Chreidiúnaithe. Ciallaíonn sé seo nach féidir leat achomharc a dhéanamh i gcoinne an mhairc mheasta a chuir an scoil ar fáil ar do shon. Tá dearadh na samhla staitistiúla agus feidhmiú an phróisis chaighdeánaithe náisiúnta lasmuigh de scóip phróiseas na n-achomharc. Ciallaíonn sé seo nach féidir leat achomharc a dhéanamh ar éifeacht an phróisis chaighdeánaithe ar an marc measta.

Mar a tharlaíonn in achomhairc na scrúduithe scríofa, is féidir na torthaí a athrú go dtí torthaí níos airde nó torthaí níos ísle nuair a dhéantar achomharc.

Tá na céimeanna seo a leanas ag baint le próiseas achomharc na nGrád Creidiúnaithe:

Céim 1: Déanfar seiceálacha ar na foirmeacha a chomhlánaigh na scoileanna lena sheiceáil gur aistríodh an t-eolas i gceart ó na foirmeacha go dtí córas na mbailiúchán sonraí.

Is í an scoil a chuir an marc measta ar fáil ar do shon, a chuirfidh Céim 1 thuas i gcrích. Cuirfidh an CSS tuairisc ar fáil do gach scoil faoi na hiarratais ar achomhairc don scoil sin. Tabharfaidh an scoil faoi sheiceálacha lena chinntiú, i gcás gach Gráid Chreidiúnaithe a ndearna achomharc air, go ndearnadh an marc céatadáin measta a cuireadh ar fáil i ngach cás a thaifeadadh agus a aistriú i gceart go dtí córas na mbailiúchán sonraí. Déanfaidh cúntóir Grád Creidiúnaithe na cáipéisí a asbhaint i dtaca le gach achomharc; cinnteoidh sé/sí gur aistríodh na sonraí i gceart ó na foirmeacha iomchuí (ó Fhoirm A go Fhoirm B san áireamh) go dtí córas na mbailiúchán sonraí. Beidh ar an scoil tuairisceán a chur isteach chuig an CSS gur comhlíonadh na nósanna imeachta uile i gceart agus ansin na cáipéisí a chur ar ais a bhaineann leis na torthaí a bhí faoi réir achomhairc chuig an CSS le haghaidh seiceálacha um dhearbhu cáilíochta.

Céim 2: Déanfar athbhreithniú lena chinntiú go bhfuarthas na sonraí i gceart agus go ndearnadh iad a aistriú trí na córais a úsáidtear sa phróiseas caighdeánaithe náisiúnta atá á reáchtáil ag an CSS.

I gCéim 2, is é a bheidh i gceist leis na seiceálacha ar na sonraí ná seiceáil gur caomhnaíodh an ID Ranga don ábhar agus don leibhéal a tógadh sa phróiseas caighdeánaithe agus go bhfuil na hiarrthóirí atá curtha ar an marc measta céanna na scoile san ábhar céanna agus ag an leibhéal céanna a rinne an scoil bronnta leis an marc Creidiúnaithe céanna.

An bhfuil aon rialacha i bhfeidhm maidir le hAchomhairc na nGrád Creidiúnaithe?

Tá – agus tá iarmhairtí tromchúiseacha ann má dhéantar na rialacha seo a shárú. Tar éis na torthaí a eisiúint, beidh eolas faoi éifeacht an phróiseas caighdeánaithe ar mharcanna measta na scoile.

Tá an próiseas maidir le marcanna measta a chur ar fáil faoi rialú píosa reachtaíochta ar a dtugtar an **tAcht Oideachais (Ardeistiméireacht 2021)(Gráid Chreidiúnaithe) 2021**. Nuair a chuir na scoileanna na marcanna measta ar fáil, ní raibh cead agat féin ná ag duine ar bith ag gníomhú ar do shon, do mharcanna measta a phlé le do mhúinteoirí, leis an bpríomhoide ná leis an leas-phríomhoide, ná le haon bhall eile d'údarás na scoile.

Faoin reachtaíocht, má dhéantar iarracht tionchar míchuí a imirt ar an bpróiseas le marcanna measta a chur ar fáil nó má thugtar eolas bréagach faoi na marcanna sin, beidh iarmhairtí an-tromchúiseach ann dá bharr, lena n-áirítear toradh Ardeistiméireachta a tharraingt siar. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbeidh na forálacha seo fós i bhfeidhm i gcomhthéacs phróiseas achomharc na nGrád Creidiúnaithe. Is é an scéal céanna a bheidh ann go fóill nach bhfuil cead agat féin ná ag duine ar bith ag gníomhú ar do shon, do mharcanna measta a phlé le do mhúinteoirí, leis an bpríomhoide ná leis an leas-phríomhoide, ná le haon bhall eile d'údarás na scoile. Má dhéantar an fhoráil seo a shárú le linn phróiseas na n-achomharc, d'fhéadfaí an toradh sealadach a tharraingt siar. Má chuirtear eolas bréagach nó eolas míthreorach ar fáil i rith na n-achomharc d'fhéadfaí toradh a tharraingt siar dá bharr. (Tá na forálacha ábhartha ón Acht in Aguisín 3)

Cad a tharlaíonn má táim míshásta le toradh phróiseas achomharc na nGrád Creidiúnaithe?

Is féidir le scoláirí atá míshásta le toradh an phróisis thuas próiseas ar leith a ghairm le go ndéanfaidh Scrúdanóirí Achomharc Neamhspleácha athbhreithniú ar a n-achomhairc. Tá na Scrúdanóirí seo neamhspleách ar an CSS. Seiceálfadh na Scrúdanóirí Achomharc Neamhspleácha lena chinntiú gur comhlíonadh na nósanna imeachta cearta i rith an phróisis achomharc uile. Beidh rochtain ag na Scrúdanóirí ar na taifid agus ar na cáipéisí a bhí curtha san áireamh i gCéim 1 agus i gCéim 2. Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil faoi phróiseas na Scrúdanóirí Achomharc Neamhspleácha le torthaí na n-achomharc.

8. Ceartú a Lorg Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc

Lasmuigh de phróiseas foirmiúil na n-achomharc, cad is féidir liom a dhéanamh, tar éis breathnú ar mo script, má fheictear dom go bhfuil neamhréiteach soiléir idir na marcanna a bronnadh agus an grád a bronnadh?

Mar thoradh ar na coigeartuithe a rinneadh ar na scrúduithe in 2021, i gcás na n-ábhar ina bhfuil obair chúrsa phraiticiúil, béaltrial, trialacha cluastuisceana nó éisteachta i gceist, bhí gá na comhphárteanna a athualú ar chóras ríomhaireachta an CSS ag an ngrádú ionas go bhféadfaí a n-ualú coibhneasta idir an páipéar scríofa agus na comhphárteanna eile a choinneáil. Ciallaíonn sé seo nach raibh an marc iomlán ar an script chun tosaigh i gcuid mhór de na hábhair seo ag teacht leis an marc iomlán a bheidh á thaispeáint ar an TFSI.

I gcás na n-ábhar nach ndearna a athualú, ba chóir go mbeadh an marc deiridh ar an script chun tosaigh ag teacht leis an marc ar an TFSI.

Má tá imní ort go bhfuil neamhréiteach idir an marc a bronnadh agus an grád a bronnadh ba chóir duit, ar an gcéad dul síos, féachaint ar an *Treoirleabhar d'Iarrthóirí 4 – Treoir faoi do Thorthaí Scrúdaithe de réir Ábhair*. Sa treoirleabhar seo, cuirtear liosta na n-ábhar a rinneadh a athualú agus conas a rinneadh iad a athualú ar bhonn ábhair. Istigh ann freisin, tá liosta na n-ábhar nach ndearnadh a athualú agus cuirtear eolas ar fáil ar bhonn ábhair maidir le cad ba chóir duit a fheiceáil ar do script agus cad a bheidh á thaispeáint ar an TFSI.

Má thagann tú ar neamhréiteach soiléir idir an marc a bronnadh agus an grád a bronnadh tar éis breathnú ar an "Treoir", ba chóir duit iarraidh ar an bhFeitheoir Eagrúcháin ar *Foirm um Cheartú Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc* (Foirm ROAP1) agus í a chomhlánú i gcomhréir leis na teoracha. Ceanglóidh an Feitheoir Eagrúcháin an Fhoirm ROAP1 chomhlánaithe le do script agus cuirfidh sé/sí í go dtí an CSS áit a dtabharfaí aire di láithreach bonn.

Feidhmíonn an CSS an áis seo le ceartú a lorg lasmuigh de phróiseas na n-achomharc chun críche lena chur ina cheart:

- a) má rinneadh earráid nuair a bhí an marc iomlán a bronnadh á thras-scríobh ón gclúdach tosaigh den fhreagarleabhar go dtí an bhileog mharcála, nó
- b) má rinneadh earráid nuair a bhí an marc á aistriú ón mbileog mharcála go dtí bunachar sonraí na scrúduithe.

Ní chuirtear an áis seo i bhfeidhm ach amháin nuair is léir nach bhfuil an marc iomlán a bronnadh ag teacht leis an ngrád a bronnadh agus nuair is léir gur féidir leis an bhfoireann riaracháin an cheist a réiteach ar bhonn riaracháin (i.e. gan dul i muinín an scrúdpháipéir ná na scéime marcála).

Mar sin, is triail an-docht atá i gceist leis an triail ar féidir déileáil léi láithreach tar éis breathnú ar na scrípteanna a dhéanfar a chur i bhfeidhm go mionchúiseach. Má bhíonn aon léirmhíniú ar shaincheist maidir leis na nithe seo a leanas:

- Marcanna a aistriú ón taobh istigh den script go dtí an clúdach tosaigh
- Ríomh marcanna
- Cur i bhfeidhm na scéime marcála
- Éilimh nach bhfuil an obair marcáilte go hiomlán
- Ceisteanna dícheadaithe

Mar sin, leis seo, beidh gá le sainbhreithiúnas ó scrúdaitheoir trí phróiseas na n-achomharc foirmiúil agus ní féidir iad a réiteach tríd an áis riaracháin seo.

Tábhachtach: Má roghnaíonn tú leas a bhaint as an áis seo, gach seans nach mbeidh an toradh ar eolas agat roimh an dáta deiridh le hachomharc a chur isteach. Ba chríonna an mhaise duit, dá bhrí sin, achomharc a dhéanamh ionas, mura nglactar leis an bpointe a tharraingíonn tú aníos, nó má bhíonn gá le forléiriú ag Scrúdaitheoir, nach gcaillfidh tú an deis rochtain a dhéanamh ar phróiseas na n-achomharc mar gheall ar dháta deiridh na n-achomharc a bheith thart. Má ghlactar leis an bpointe a tharraingíonn tú aníos ar an bhfoirm *Ceartú*, beidh deis agat an t-iarratas ar achomharc a tharraingt siar. Má dhéantar é seo, aisíocfar táille an achomhairc leat.

Cad a dhéanaim má thagaim ar bhotún i script a marcáladh ar líne?

Sa chás go gcreideann tú go bhfuil neamhréiteach idir an marc a bronnadh agus an grád a bronnadh i script a marcáladh ar líne ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an bhFoireann Mharcála Ar Líne sa CSS ar onlinemarkingqueries@examinations.ie nó ag 090 +644 2768, 2460, 2869.

9. Céimeanna Breise maidir le Próisis na nAchomharc

Má bhím míshásta le toradh phróiseas achomharc na Scrúduithe Scríofa an féidir liom aon rud eile a dhéanamh faoi?

Má rinne tú achomharc ar thoradh scrúdaithe, tar éis eisiúint thorthaí na n-achomharc, is féidir leat rochtain a dhéanamh ar dhá Sheirbhís Torthaí Iar-achomhairc eile atá ar fáil duit agus is féidir leat ceann amháin, dhá cheann, nó gan ceann ar bith a roghnú.

- a) Breathnú ar na Scripteanna Scrúdaithe Athmharcáilte.
- b) Rochtain a dhéanamh ar na Scrúdanóirí Achomharc Neamhspleácha – Achomhairc Scrúdaithe

Má rinne tú achomharc ar Ghrád Creidiúnaithe, beidh rochtain agat air seo a leanas

- c) Na Scrúdanóirí Achomharc Neamhspleácha – Achomhairc Grád Creidiúnaithe

Ba chóir a nótáil go nglacfaidh na céimeanna seo de phróiseas an achomhairc roinnt ama le cur i gcrích.

Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil maidir le hiarratas a dhéanamh ar na seirbhísí seo nuair a eisítear torthaí na n-achomharc.

a) Breathnú ar na Scripteanna Scrúdaithe Athmharcáilte

An féidir liom breathnú ar mo script iar-achomhairc nuair a fhaighim toradh m'achomhairc?

Is féidir. Nuair a dhéanann tú rochtain ar thorthaí d'achomhairc ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra, cuirfear nasc ar fáil duit chuig Seirbhísí Torthaí Iar-Achomhairc. Má bhíonn tú míshásta le toradh d'achomhairc, beidh an deis agat breathnú ar do scripteanna athmharcáilte. Tá tuilleadh sonraí maidir le breathnú ar scripteanna a bhfuil achomharc déanta orthu agus próiseas na SAN ar fáil tríd an Tairseach nuair a dhéantar Torthaí na nAchomharc a eisiúint.

Cén fheidhm atá ag na Scrúdanóirí Achomhairc Neamhspleácha?

Is é feidhm na Scrúdanóirí Achomhairc Neamhspleácha a chinntiú gur comhlíonadh i gceart na próisis uile atá leagtha síos ag an CSS. Tá na Scrúdanóirí Achomhairc Neamhspleácha neamhspleách ar an CSS.

Tá na Scrúdanóirí Achomharc Neamhspleácha neamhspleách ar an CSS. Tá dhá phróiseas SAN ar leith ann agus tá dhá ghrúpa daoine ar leith bainteach leis na próisis seo.

b) Scrúdanóirí Achomharc Neamhspleácha – Achomhairc Scrúdaithe

Beidh sé de chumhacht ag Scrúdanóir na cáipéisí go léir a bhaineann le d'achomharc a iarraidh chun féachaint ar leanadh na nósanna imeachta i gceart. **Ní cúram dóibh na scrípteanna a athmharcáil ná tuairim a nochtadh faoi dháileadh na marcanna.** Mar chuid den athbhreithniú seo, b'fhéidir go gcuirfidh an Príomhscrúdaitheoir comhairle ar fáil do na Scrúdanóirí lena dheimhniú go bhfuil siad sásta gur comhlíonadh na nósanna imeachta go léir i gceart. Ar chríochnú an athbhreithnithe, gheobhaidh tú deimhniú foirmiúil ó Scrúdanóir Achomhairc Neamhspleách gur comhlíonadh próisis uile an achomhairc i gceart

An gá dom breathnú ar mo scrípteanna iar-achomhairc le hachomharc a dhéanamh leis na Scrúdanóirí Achomhairc Neamhspleácha?

Ní gá. Má thagann tú go dtí an dara breathnú ar scrípteanna cuirfear foirm iarratais ar fáil duit le cur ar aghaidh go dtí na Scrúdanóirí Achomharc Neamhspleácha nach mór a chomhlánú ar an lá. Beidh an deis agat saincheisteanna ar leith a ardú maidir le marcáil do scrúdaithe san achomharc bunaithe ar do bharúlacha sa seisiún breathnóireachta.

c) Scrúdanóirí Achomharc Neamhspleácha – Gráid Chreidiúnaithe

Seiceálfaidh na Scrúdanóirí Achomharc Neamhspleácha lena chinntiú gur comhlíonadh na nósanna imeachta cearta i rith an phróisis ar fad. Is athbhreithniú ar an bpróiseas atá i gceist leis an bpróiseas chun Grád Creidiúnaithe a achomharc a dhíríonn ar earráidí a aimsiú nuair aistríodh agus nuair a fuarthas sonraí na scoláirí. Níl breithiúnas gairmiúil na scoile i marcanna measta a chur ar fáil agus próiseas an chaighdeánaithe san áireamh i scóip an achomhairc. Ní féidir achomharc a dhéanamh maidir leis na gnéithe seo de na Gráid Chreidiúnaithe.

An tOmbudsman agus an tOmbudsman do Leanaí

Má cheapann tú nach ndearnadh do chás a phróiseáil i gceart, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an Ombudsman, nó i gcás scoláirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, leis an Ombudsman do Leanaí.

Úinéireacht ar Scrípteanna na Scrúduithe agus Obair Eile agus iad á gCoinneáil a chuirtear isteach le Marcáil a dhéanamh orthu

An féidir liom an bhunobair a chuir mé isteach le haghaidh na scrúduithe a fháil ar ais?

Sa reachtaíocht um chosaint sonraí, tugtar cearta d'iarrthóirí cóipeanna de shonraí pearsanta atá faoi sheilbh an CSS a fháil. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur faoi úinéireacht an CSS atá na scrípteanna scrúduithe uile agus ábhair eile atá faoi sheilbh an CSS agus ní chuirtear iad ar ais chuig na hiarrthóirí. I Rial 28 de na Rialacha

agus an Clár do Mheánscoileanna, arna eisiúint ag an Roinn Oideachais & Scileanna déantar foráil: “Go gcoimeádann an Coimisiún gach ábhar (freagarleabhair, páipéar líníochta, léarscáileanna, léaráidí, pictiúir, scrúdpháipéir, téipeanna, etc.) a eisíonn an Coimisiún chun freagraí na n-iarrthóirí ar na ceisteanna a chuirtear sna scrúduithe a thairfeadh, agus fanann siad faoi sheilbh an Choimisiúin i gcónaí. Ábhair nach n-eisíonn an Coimisiún ach a sheoltar chuig an gCoimisiún le go marcáiltear iad, gabhann an Coimisiún seilbh orthu”. Marcálann an CSS beagnach milliún comhpháirt san Ardteistiméireacht gach bliain agus níorbh fhéidir an t-ábhar sin a chur ar ais chuig na hiarrthóirí.

Marcáiltear obair thionscadail san Innealtóireacht agus sa Staidéar Foirgníochta agus an obair phraiticiúil uile san Ealaín i scoileanna agus tugtar treoir do na scoileanna an obair seo a choinneáil go sábháilte go dtí go n-eisítear torthaí na nAchomharc. An chúis nach mór iad a choinneáil go dtí i ndiaidh fhoilsiú thorthaí na nAchomharc ná go dtagann fadhbanna aníos uaireanta nuair a dhéantar an mharcáil sna hachomhairc agus

mar thoradh air sin is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an obair uile a mharcáil scrúdaitheoir ar leith. Dá bhrí sin, ní mór go mbeadh rochtain ag an CSS ar an ábhar seo ag an bpointe seo, agus muinín a bheith aige nár cuireadh isteach air idir an dá linn. Uaireanta, mar thoradh ar na hathbhreithnithe um dhearbhu cáilíochta, bíonn uasghrádú ann d’iarrthóirí nach ndearna achomharc ar a gcuid torthaí ar chor ar bith. Nuair a eisítear torthaí na n-achomharc, is féidir an obair seo a chur ar ais chuig na hiarrthóirí ach í a iarraidh.

Cé chomh fada agus a choinníonn an CSS mo scrípteanna scrúduithe, torthaí na nGrád Creidiúnaithe agus ábhar eile?

Tá polasaithe an CSS maidir le sonraí a choinneáil bunaithe ar na hoibleagáidí atá orainn faoin Acht um Chosaint Sonraí, ina bhfuil dualgas orainn sonraí a choimeád chomh fada agus a éilítear é chun críche na scrúduithe a réachtáil. Is é seo a leanas polasaí an CSS maidir le scrípteanna scrúduithe, scrípteanna digiteacha san áireamh, agus ábhar scrúduithe gaolmhar a choinneáil:

- Gheofar réidh d’aon ábhar nach mar chuid d’ábhar an achomhairc é go rúnda ag deireadh mhí na Nollag i ndiaidh an scrúdaithe. Dá réir sin, ach amháin má dhéanann tú achomharc, gheofar réidh le do scrípteanna scrúduithe agus ábhair eile faoi dheireadh mhí na Nollag 2021.

Má dhéanann tú do thoradh scrúdaithe a achomharc, coinneoidimid d’ábhar scrúdaithe go dtí go bhfuil an próiseas achomhairc curtha i gcrích. Go hiondúil, ciallaíonn sé seo go bhfaighfear réidh leis an ábhar scrúdaithe a ndearna tú achomharc faoi sa tréimhse chun fáil réidh leis an bhliain dar gcionn, is é sin, faoi dheireadh mhí na Nollag 2022. D’fhéadfadh sé seo a bheith níos faide má bhíonn an t-achomharc mar ábhar de phróiseas atá ag leanúint ar aghaidh.

Déanfar sonraí pearsanta chun críche na nGrád Creidiúnaithe a choinneáil chomh fada agus atá na sonraí pearsanta ag teastáil ar feadh thréimhse phróiseas scrúduithe 2021 agus déanfar iad a scriosadh go buan nuair nach mbeidh siad ag teastáil a thuilleadh.

10. Cosaint Sonraí – Scrúduithe Agus Gráid Chreidiúnaithe

Déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) é a éascú d’iarrthóirí na hArdteistiméireachta rochtain a dhéanamh ar scrípteanna na scrúduithe tríd an áis *Chun Breathnú ar Scrípteanna* a bhíonn ar siúl i scoileanna tar éis eisiúint thorthaí na hArdteistiméireachta. Leis an áis seo, atá ar fáil d’iarrthóirí na hArdteistiméireachta le fiche bliain anuas, tá iarrthóirí in ann breathnú ar a scrípteanna agus féachaint conas a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm ina gcuid oibre. Mar thoradh air seo tá siad in ann cinneadh a dhéanamh bunaithe ar eolas cé acu an ndéanfaidh siad a dtorthaí a achomharc nó nach ndéanfaidh siad roimh dháta deiridh na n-

achomharc. Leis an seirbhís chun Breathnú ar Scripteanna, tá iarrthóirí in ann breathnú ar a script agus más mian leo cóipeanna a dhéanamh dá scrípteanna le linn na seisiún chun breathnú ar scrípteanna ag baint úsáid as a ngléas digiteach féin. Meastar gurb iad sonraí pearsanta na n-iarrthóirí na freagraí a chuireann na hiarrthóirí isteach sna scrúduithe agus aon ráitis a dhéanann na scrúdaitheoirí faoi na freagraí sin faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí, tá ceard dlíthiúil agat, mar ábhar na sonraí, cóip de na sonraí pearsanta a fháil atá ag an CSS fút. Baineann an ceart rochtana seo leis na scrípteanna scrúdaithe freisin.

Cé go bhfuil ceart dlíthiúil agat anois cóip de do scrípteanna scrúdaithe a fháil, tá dualgas ar an CSS freisin torthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na hachomhairc a phróiseáil agus a eisiúint faoi na spriodhataí atá ag teacht, agus dá bharr sin tá tús áite tugtha chun Breathnú ar na Scripteanna. Ní chuireann sé seo isteach ar do chearta reachtúla.

Cathain is féidir liom cóipeanna do mo scrípteanna a fháil?

An rochtain is luaithe a bheidh agat ar do scrípteanna ná ag na seisiúin chun Breathnú ar Scripteanna Dé Sathairn, an 11 Meán Fómhair agus is faoi rogha scoileanna seisiún amháin a eagrú maidin Domhnaigh, an 12 Meán Fómhair. Mura bhfreastalaíonn tú ar sheisiún chun Breathnú orthu nó mura ndéanann tú rochtain ar do script ar líne, agus má dhéanann tú cinneadh eile le hiarratas ar rochtain ar sonraí a dhéanamh chuig an CSS, ní bhfaighidh tú cóipeanna de do scrípteanna go dtí i ndiaidh an dáta deiridh le hachomhairc a dhéanamh. Leanfar ag cur i bhfeidhm go docht dáta deiridh na n-achomharc, mar sin faoin am a fhaigheann tú an cóip de do script(eanna) ní bheidh an deis agat achomharc a dhéanamh ar do thoradh. De bharr an phróisis athualaithe seo, níl sé chomh héasca sin agus mar a bhíonn sé de ghnáth na marcanna iomlán a oibriú amach nuair a bhreathnaíonn tú ar a scrípteanna.

An féidir liom iarratas ar rochtain a dhéanamh ar mo script faoin Acht um Chosaint Sonraí?

Is féidir leat - ach tá teorainn le cathain is féidir leat iarratas ar rochtain a dhéanamh agus cé chomh fada agus a ghlacfaidh sé go ndéanfaí d'iarratas a phróiseáil.

Faoin Acht um Chosaint Sonraí, tá dualgas ar an CSS, mar rialaitheoir sonraí, freagra a thabhairt d'iarratas ar rochtain sonraí le haghaidh sonraí pearsanta laistigh de 30 lá ó bhfuarthas an t-iarratas. Is féidir le rialaitheoirí sonraí cur leis an tréimhse ama seo, áfach, go dtí 90 lá, nuair a bhíonn sé ródheacair freagra a thabhairt laistigh de 30 lá mar gheall ar líon agus castacht na n-iarratas. Déanann an CSS milliún script scrúduithe scríofa a phróiseáil agus milliún eile de chomhpháirteanna a bhaineann leis na scrúduithe (obair phraiticiúil agus obair thionscadail; béaltrialacha; feidhmíochtaí; etc.) gach bliain. Faoi réir na dteorainneacha atá leagtha amach thíos, ba chóir go mbeidís siúd a dhéanann iarratais ar scrípteanna faoin Acht um Chosaint Sonraí ag súil go nglacfaidh sé suas le 90 lá sula bhfaigheann siad a scrípteanna ó dháta an iarratais.

Chomh maith leis na teorainneacha ginearálta seo, tá srianta ama ar leith maidir le rochtain a dhéanamh ar thorthaí agus scrípteanna scrúduithe atá sa reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Leis na srianta, seo déantar iarracht an chothromaíocht chearta a aimsiú idir ligean d'iarrthóirí a gcearta a fheidmiú lena sonraí pearsanta a fháil agus a chinntiú gur féidir le soláthraithe scrúduithe, ar nós an CSS, leanúint ar aghaidh agus soláthar a dhéanamh ar an bpríomhfheidhm atá acu le scrúduithe a reáchtáil agus torthaí scrúduithe agus achomhairc a chur ar fáil faoi na spriodhataí atá ag teacht. Tá srian an-sainiúil ann freisin maidir le rochtain a dhéanamh ar script scrúdú na hArdteistiméireachta atá mar ábhar achomhairc.

Faoin reachtaíocht, an dáta is luaithe inar féidir leis an CSS iarratas ar rochtain sonraí le haghaidh torthaí nó scrípteanna scrúduithe a mheas ná dáta eisiúna na dtorthaí. Mar sin, má dhéanann tú iarratas roimh an dáta eisiúna de thorthaí na hArdteistiméireachta, ní thosaíonn an tréimhse ama le hobair a dhéanamh ar d'iarratas go dtí an 3^ú Meán Fómhair, dáta eisiúna na dtorthaí. Ar an mbealach céanna, tá srian ama maidir le hiarratas a dhéanamh ar rochtain sonraí do thoradh achomhairc. Má dhéanann tú toradh a achomharc agus ansin má dhéanann tú iarratas ar rochtain sonraí le haghaidh thoradh an achomhairc, ní thosaíonn an tréimhse ama le hobair a dhéanamh ar d'iarratas go dtí an dáta nuair a fhoilsítear torthaí na n-achomharc. Chomh maith leis sin, má dhéanann tú toradh scrúdaithe de chuid na hArdteistiméireachta a achomharc, agus má rinne tú iarratas ar rochtain sonraí cheana féin le haghaidh na scrípte a bhaineann leis an toradh sin, ansin ní thosaíonn an tréimhse ama le hobair a dhéanamh ar d'iarratas go dtí an dáta a eisítear torthaí na n-

achomharc. Moltar go mór duit do cheart a fheidhmiú le breathnú ar do scrípteanna ag an seisiún chun Breathnú ar Scrípteanna nó ar líne. Cé go bhfuil tú, gan amhras, i dteideal iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh ar do chóip de do scrípteanna, tugann an tseirbhís chun Breathnú ar Scrípteanna an **t-aon** deis duit rochtain a dhéanamh ar do scrípteanna roimh dháta deiridh na n-achomharc. Ina theannta sin, má bhreathnaíonn tú ar scrípteanna ní chuirtear cosc ort iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh ach an oiread.

An féidir liom cóipeanna d'ábhar scrúdaithe a fháil seachas scrípteanna scrúduithe scríofa faoin Acht um Chosaint Sonraí?

An ceart atá agat ná cóip de do shonraí pearsanta a fháil agus ní hé an bhunobair. Má tá sé indéanta comhpháirteanna eile a chóipeáil ansin beidh tú in ann do chearta um chosaint sonraí a fheidhmiú le go gcuirfí cóip ar fáil duit. Tá an t-ábhar scrúdaithe uile atá in ann a bheith mar ábhar iarratais ar rochtain sonraí faoi réir shrianta na tréimhse céanna mar atá leagtha amach thuas. Is féidir roinnt obair thionscadail agus phraiticiúil a choinníonn agus a dhéanann an CSS a mharcáil sna scoileanna a chur ar ais chuig iarrthóirí tar éis eisiúint thorthaí na n-achomharc. (Féach *Ábhar a Choinneáil* thíos).

An gá dom iarratas ar rochtain ar shonraí a dhéanamh le mo mharcanna béaltrialach agus mo mharcanna ar obair phraiticiúil a fháil?

Ní gá. Déanfaimid an comhad torthaí ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra a nuashonrú ó 10am Dé Máirt, an 7^ú Meán Fómhair le ní hamháin an grád a chur ar fáil ach an marc deiridh a bronnadh ar gach comhpháirt ar leith laistigh d'ábhar. Clúdaíonn sé seo marcanna do bhéaltrialacha, d'obair phraiticiúil, do thionscadail, d'obair chúrsa agus do pháipéir scríofa san ábhar céanna (páipéar 1, páipéar 2).

An féidir liom taifeadadh de mo Bhéaltrial a fháil faoin chosaint sonraí?

Má dhéanann tú iarratas ar rochtain ar shonraí le haghaidh do bhéaltrialach ba chóir duit a thabhairt faoi dear nach féidir linn ach do ghuth ar na taifeadtaí a chur ar fáil. Ní chloisfidh tú guth Agallóir na Béaltrialach agus ní chuirfimid na ceisteanna a cuireadh ort sa triail ar fáil duit. Murab ionann is do chuid freagraí, ní sonraí pearsanta iad na ceisteanna seo agus ní chuirtear i láthair go poiblí na ceisteanna a cuireadh sa bhéaltrial, cosúil leis na ceisteanna sin a bhíonn ar na scrúdpháipéir. Is é do ghuth amháin atá ar atáirgeadh a leithéid de thaifeadadh agus is tasc casta é seo agus glacfaidh sé an 90 lá iomlán le bheith curtha amach chugat. Dá bhrí sin, ní féidir rochtain a chur ar fáil d'iarrthóirí ar an taifeadadh mar chuid den bhreathnú ar scrípteanna ná mar chuid de phróiseas na n-achomharc.

Tá cearta agam ráitis na scrúdaitheoirí a fháil freisin – conas is féidir liom rochtain a dhéanamh orthu seo?

Níl cead ag scrúdaitheoirí de chuid an CSS ráitis i scríbhinn a dhéanamh ar scrípteanna. Tá siad teoranta leis an scéim mharcála a chur i bhfeidhm ar an script. In ábhair áirithe, e.g. Béarla, baineann na scrúdaitheoirí úsáid as nótaí mínithe chun a léiriú cár chaill nó cár ghnóthaigh iarrthóir marcanna i gcomhréir leis an scéim mharcála. Nuair a bhreathnaíonn tú ar do script scrúdaithe, nó nuair a fhaigheann tú cóip de trí iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh, feicfidh tú do chuid freagraí ar an scrúdú agus ráitis an scrúdaitheora (i.e. na marcanna agus aon nótaí mínithe a d'úsáid an scrúdaitheoir) ar an script.

An gá dom iarratas ar rochtain ar shonraí a dhéanamh chun rochtain a dhéanamh ar mharcanna measta mo scoile nó ar mo mharcanna creidiúnaithe?

Ní gá. Ó 5pm Dé Máirt, an 7 Meán Fómhair, cuirfear marcanna measta na scoile, na marcanna Creidiúnaithe agus na Gráid Chreidiúnaithe ar fáil duit ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra.

Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar chóip a fháil de mo script agus/nó de bhéaltrial faoin Acht um Chosaint Sonraí?

Más mian leat iarratas a dhéanamh ar chóip a fháil de do script agus/nó de bhéaltriall, nó ar shonraí pearsanta eile atá coinnithe fút ag an CSS, is féidir leat iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig;

Iarratas ar Rochtain um Chosaint Sonraí
Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí.
N37TP65

Ba chóir go mbeadh dóthain eolais curtha ar fáil dúinn i d'iarratas ina mbeimid in ann tú a aithint mar iarrthóir scrúduithe; ina mbeimid in ann a dheimhniú cén chóip atá á lorg agat; agus ina mbeimid in ann teagmháil a dhéanamh leat sa chás go gcaithfimid d'aitheantas a dhearbhu nó d'iarratas a shoiléiriú.

Agus a leithéid iarratais á dhéanamh, cuirtear i gcuimhne duit go bhfuil srianta ann maidir le do cheart ar rochtain a dhéanamh agus **nach bhfaighidh tú cóip de do script ná d'aon ábhair scrúdaithe eile roimh dháta deiridh na n-achomharc**. An t-aon bhealach le rochtain a dhéanamh ar do scrípteanna scríofa, dialanna nó freagraí scríofa eile, roimh dháta deiridh na n-achomharc, ná freastal ar sheisiún chun breathnú ar na scrípteanna.

Foilseofar sonraí maidir le haon athruithe ar na socruithe le hiarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh ar ár suíomh gréasáin.

Aguisín 1. Córas Grádaithe na hArdteistiméireachta

Cuireadh córas grádaithe leasaithe i bhfeidhm i ngach ábhar san Ardteistiméireacht ón mbliain 2017 ar aghaidh. Leis an gcóras nua grádaithe seo, tháinig laghdú ar líon na ngrád ó 14 ghrád faoin seanchóras go dtí 8 gcinn faoi na socrúithe reatha.

Leibhéal	Ó 2017 ar aghaidh	
	Céatadán	Grád
Ardleibhéal, Gnáthleibhéal, Bonnleibhéal	≥ 90 go 100	1
	≥ 80 agus < 90	2
	≥ 70 agus < 80	3
	≥ 60 agus < 70	4
	≥ 50 agus < 60	5
	≥ 40 agus < 50	6
	≥ 30 agus < 40	7
	≥ 0 agus < 30	8

Sna Ráitis agus sna Teastais léireofar an leibhéal a rinneadh ag baint úsáide as an nodaireacht seo a leanas in aice le gach ábhar.

Higher/Ardleibhéal	H/A
Ordinary/Gnáthleibhéal	O/G
Foundation/Bonnleibhéal	F/B

Tábla de na Gráid Chomhionanna idir na leibhéil

A1		
A2		
A3		
A4		
A5	G1	
A6	G2	
A7	G3	
	G4	
	G5	B1
	G6	B2
	G7	B3
		B4
		B5
		B6
		B7
A8	G8	B8

D'iarrthóirí a bhfuil gráid chomhionanna acu idir na Gráid Chreidiúnaithe agus grád scrúdú na hArdteistiméireachta a fuair:

- toradh níos arde ar pháipéar ar leibéal níos ísle nó
- toradh níos ísle ar pháipéar ar leibhéal níos airde

Beidh an toradh ag an leibhéal níos airde mar aschur ar do theastas deiridh ach amháin má chuireann tú in iúl dúinn gur mian leat go mbronntar an toradh ar an leibhéal níos ísle ort (e.g. má fuair tú Grád Creidiúnaithe de A5 agus grád scrúdaithe de G1, cuirfear A5 i do theastas deiridh). Cuirfear an deis seo ar fáil duit roimh eisiúint theastas deiridh na dtorthaí (Tabhair faoi deara nach é seo ráiteas deiridh na dtorthaí).